LAOI na LAOITHE

BROLLACH

Sraith de dhánta grá atá anseo. Grá daonna atá i gceist sa chiall litre, ach is go fáthchiallach a ghlac na Giúdaigh leis an leabhar seo agus is mar sin a mhínigh an traidisiún Críostaí é de ghnáth. Ach tá an fháthchiall dhiaga bunaithe ar an gciall litre; dá réir sin is grá fir agus mná atá i gceist, ar an gcéad ásc, agus pléitear an grá sin go cneasta caoin ach go corraitheach mothaitheach chomh maith.

Níl aon bhunús leis an tuairim gurbh é Solamh a chum; tá an teanga féin sa saothar i bhfad níos déanaí ná a ré-san – tá rian den Aramais uirthi agus tá focail iasachta ón nGréigis agus ón bPeirsis líonmhar go leor inti. B'fhéidir gur sa tríú nó sa cheathrú haois roimh Chríost a cumadh é – cinnte ba tar éis na deoraíochta é.

Is deacair a bheith cinnte faoi líon na ndánta sa saothar, agus dá réir sin ní roinntear anseo é ar bhonn na ndánta; ach úsáidtear na pearsana a gcuirtear codanna nó foranna ina leith, *dar linn*, mar áis lena chur i láthair.

Ba í an laoi seo an laoi thar laoithe ag na Giúdaigh agus d'áirigh siad an leabhar i measc na Scrollaí. Léidís é ag féile na Cásca. Baineann an Eaglais feidhm as go fáthchiallach á thagairt do ghrá Chríost dá bhrídeach, an Eaglais; do ghrá Dé agus

Mhuire; don anam Críostaí agus Dia; don mhanach agus don duine rialta, ó tá siadsan aonta ar shlí faoi leith le Dia agus le Críost de réir gairme. Baintear feidhm as go minic dá réir sin sa liotúirge.